Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2025

## TREOIR EOLAIS d'IARRTHÓIRÍ 2

## Torthaí agus Achomhairc

## Dátaí tábhachtacha

### Dátaí tábhachtacha do na céimeanna i ndiaidh eisiúint na dtorthaí, lena n-áirítear rochtain ar shonraí, iniúchadh ar scripteanna agus na hachomhairc

| Seirbhís | Scoileanna | An Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí (CSSP) |
|---|---|---|
| Torthaí na hArdteistiméireachta | **Tairseach na Scoileanna**<br>10 AM ar an Aoine an 22 Lúnasa<br>• Tuairisc mhaitríse in PDF<br>• Tuairisc mhaitríse in CSV<br>• PDFanna Inphriontáilte de Ráitis na dTorthaí Sealadacha. | 10 AM ar an Aoine an 22 Lúnasa |
| Rochtain ar Shonraí – Feicfidh iarrthóirí a gcuid marcanna, lena n-áirítear na marcanna do gach comhpháirt. | | 12 Meán Lae ar an Máirt an 26 Lúnasa |
| Iarratas chun Iniúchadh a dhéanamh ar Scripteanna | | **Iarratas AT ar Líne**<br>Á oscailt: 5 PM ar an Máirt an 26 Lúnasa<br>Á dhúnadh: 8 PM ar an gCéadaoin an 27 Lúnasa<br><br>Is ar ríomhphost a bheidh an t-iarratas don ATF chun scripteanna a iniúchadh. Beidh an amlíne céanna i bhfeidhm. |
| Iniúchadh ar Scripteanna | **Scripteanna a Marcáladh de Láimh**<br>Cuirfear ceann de dhá sheisiúin trí uair an chloig ar fáil d'iarrthóirí ar an Satharn an 30 Lúnasa<br><br>Seisiún 1. 9.30 AM – 12.30 PM<br>Seisiún 2. 2PM – 5 PM | **Scripteanna a Marcáladh ar Líne** *<br>Rochtain ar líne chun iad a iniúchadh thar an tréimhse 24 uair an chloig idir:<br><br>9AM ar an Satharn an 30 Lúnasa<br>go dtí<br>9AM ar an Domhnach an 31 Lúnasa |
| Iarratas ar Achomharc | | **Iarratas agus Íocaíocht ar Líne don AT**<br>Á oscailt: 10AM ar an Domhnach an 31 Lúnasa<br>Á dhúnadh: 5 PM ar an Luan an 1 Meán Fómhair |
| Torthaí na nAchomharc | **Tairseach na Scoileanna– 26 Meán Fómhair | **CSSP – 26 Meán Fómhair |

* tá roinnt eisceachtaí ann agus tabharfar sonraí fúthu sin i d*Treoir Eolais d'Iarrthóirí 2: Treoir do na torthaí agus do na hAchomhairc*, Cuid 6 'An áis um iniúchadh a dhéanamh ar scripteanna scrúduithe'.

**Dáta sealadach is ea dáta eisiúna thorthaí na n-achomharc nó go mbeidh líon na n-achomharc ar eolas. Déanfar gach iarracht achomhairc a phróiseáil chomh tapa agus is féidir. Tabharfar fógra d'iarrthóirí más gá dáta na n-achomharc a leasú.

### Eolas tábhachtach ar Thábla na nDátaí Tábhachtacha

- Cuirtear an áis chun iniúchadh a dhéanamh ar scripteanna scrúdaithe ar fáil saor in aisce. Is é €40 in aghaidh an ábhair an táille chun achomharc a dhéanamh in aghaidh toraidh don Ardteistiméireacht agus €15.50 in aghaidh an ábhair don Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Déantar an táille a aisíoc sa chás go n-éiríonn le hachomharc.
- Chun soláthar a dhéanamh d'eisiúint thorthaí na n-achomharc a luaithe agus is féidir, tá na hamlínte d'iarrthóirí chun iarratas a dhéanamh maidir le scripteanna a iniúchadh agus chun a n-

iarratas ar achomharc a chur isteach an-ghearr. Lena chinntiú gur féidir na céimeanna eile de phróiseas na n-achomharc a chur i gcrích chomh tapa agus is féidir, cuirfear na spriocdhátaí i bhfeidhm go docht.

- Ba cheart d'iarrthóirí a n-aird a dhíriú ar na dátaí sin. Iarrtar ar scoileanna freisin aird na n-iarrthóirí a dhíriú ar na hamlínte ionas nach gcaillfidh iarrthóirí an deis iarratas a dhéanamh chun a scripteanna a iniúchadh nó chun iarratas a dhéanamh ar achomharc.
- **Ní ghlacfaidh CSS le hiarratais dhéanacha chun iniúchadh ná achomhairc a dhéanamh.**

# Clár na nÁbhar


1. Réamhrá ........ 3
2. Coigeartuithe ar an Ardteistiméireacht in 2025 – Coigeartuithe ar an Scrúdú agus an Coigeartú Iarmharcála
3. An Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí ........ 4
4. Cabhair agus Tacaíocht ........ 4
5. Torthaí – Ullmhú agus Eisiúint ........ 7
6. Rochtain ar Shonraí – Scrúduithe ........ 9
7. An Áis chun Iniúchadh a dhéanamh ar Scripteanna Scrúduithe ........ 10
8. Achomhairc ........ 14
9. Ceartú a Lorg Lasmuigh de Phróiseas Achomharc na Scrúduithe ........ 17
10. Céimeanna Breise i bPróisis na nAchomharc ........ 19
11. An tOmbudsman agus an tOmudsman do Leanaí ........ 20
12. Úinéireacht agus Coinneáil Scripteanna na Scrúduithe agus an tSaothair eile a chuirtear isteach chun iad a Mharcáil ........ 20
13. Cosaint Sonraí – Scrúduithe ........ 21

**Aguisíní**:

Aguisín 1: Gráid na hArdteistiméireachta ........ 25

Aguisín 2: Ábhair na hArdteistiméireachta a Marcáladh de Láimh ........ 27

Aguisín 3: Ábhair na hArdteistiméireachta a Marcáladh ar Líne ........ 28

# 1. Réamhrá

Is é atá mar chuspóir leis an *Treoir Eolais d'Iarrthóirí maidir le Torthaí agus Achomhairc* seo ná na socruithe atá ann maidir leis na torthaí sealadacha a eisiúint a chur in iúl duit agus eolas a chur ar fáil maidir le cad a tharlóidh i ndiaidh Lá na dTorthaí, lena n-áirítear an rochtain a bheidh agat ar eolas níos mionsonraithe faoi do chuid torthaí; sonraí maidir le hiarratas a chur isteach chun iniúchadh a dhéanamh ar do scripteanna agus iniúchadh a dhéanamh ar do scripteanna scrúdaithe agus achomharc a dhéanamh in aghaidh torthaí scrúduithe. Seo cuid 2 i sraith de Threoracha Eolais d'Iarrthóirí scrúduithe na hArdteistiméireachta, 2025, mar seo a leanas:

- Treoir Eolais d'Iarrthóirí 1 – Ag ullmhú do na Scrúduithe - Ar Fáil Anseo
- **Treoir Eolais d'Iarrthóirí 2 – Torthaí agus Achomhairc**
- Treoir Eolais d'Iarrthóirí 3 – Tuiscint a Fháil ar do Thorthaí Scrúdaithe – ar fáil **ar an Luan an 25 Lúnasa** agus dáilfear é ar iarrthóirí agus ar scoileanna ar ríomhphost.
- Treoir Eolais d'Iarrthóirí 4 – Treoir do do Thorthaí Achomhairc agus do na próisis i ndiaidh na nAchomharc – ar fáil in éineacht le Torthaí na nAchomharc ag deireadh mhí Mheán Fómhair.

Baineann na tagairtí don 'Ardteistiméireacht' síos tríd an treoir seo le clár na hArdteistiméireachta Feidhmí, Gairmchlár na hArdteistiméireachta agus clár na hArdteistiméireachta Bunaithe mura sonraítear a mhalairt.

Tá tuilleadh eolais faoi Scrúduithe na hArdteistiméireachta 2025 - ar fáil freisin ar www.examinations.ie

# 2. Coigeartuithe ar an Ardteistiméireacht in 2025

## a. Coigeartuithe ar na Scrúduithe

Chun an cur isteach ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim a d'fhulaing rang na hArdteistiméireachta, 2025, a chur san áireamh tugadh socruithe measúnaithe coigeartaithe chun críche tar éis plé idir an Roinn Oideachais, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Tá sonraí maidir leis na coigeartuithe sin ar an Ardteistiméireacht ar fáil tríd an nasc seo a leanas:

Socruithe Measúnaithe do Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta 2025

## b. Coigeartú Iarmharcála

Gach bliain ó 2022 i leith, chuir CSS coigeartú iarmharcála i bhfeidhm ar na torthaí ó phróiseas marcála na hArdteistiméireachta. Is idirghabháil staitistiúil é sin lena chinntiú nach mbeadh na torthaí i ngach bliain níos ísle go comhiomlán ná na torthaí sa bhliain roimhe sin.

I mí Aibreáin 2024, d'fhógair an tAire Oideachais go dtosófaí ag filleadh ar ghnáthphróifíl na dtorthaí scrúdaithe de réir a chéile le Scrúdú na hArdteistiméireachta 2025. Tugadh gealltanas go ndéanfadh an

próiseas sin an tionchar ar iarrthóirí a íoslaghdú a oiread agus ab fhéidir agus nach mbeadh aon athrú tobann ann maidir le filleadh ar thorthaí réamh-phaindéime. Thar thréimhse ama, tá sé i gceist go bhfillfeadh córas na hArdteistiméireachta de réir a chéile ar thorthaí a fhaightear trí phróiseas marcála na scrúduithe amháin, gan gá le hidirghabháil staitistiúil ar bith.
Don Ardteistiméireacht in 2025, chomh maith le scrúdpháipéir choigeartaithe, tá coigeartú iarmharcála á chur i bhfeidhm arís ag CSS ar na torthaí go léir. Ciallaíonn sé sin, tar éis na marcanna do na comhpháirteanna go léir a bheith curtha le chéile, go gcuirtear marcanna breise leis an marc iomlán sula ndéantar an grád a ríomh. Ceapadh coigeartú na bliana seo ionas go mbeadh torthaí foriomlána na hArdteistiméireachta go comhiomlán ag pointe tuairim is leath bealaigh idir leibhéil 2020 agus 2021 agus é sin, fós féin, cuid mhaith níos airde ná leibhéil 2019 nuair a reáchtáladh na scrúduithe mar ghnáthscrúduithe go déanach. Cé go bhfuil leibhéal an choigeartaithe iarmharcála laghdaithe i gcomparáid leis na blianta roimhe seo, rinneadh coigeartú 2025 a chalabrú chun gealltanais an Aire a chomhlíonadh, is é sin go bhfillfí de réir a chéile ar an ngnáthphróifíl torthaí agus ag an am céanna go ndéanfaí an tionchar ar iarrthóirí a íoslaghdú an oiread agus ab fhéidir.

Beidh iarrthóirí aonair ábalta líon na marcanna breise a fuair siad i ngach ábhar faoin gcoigeartú seo a fheiceáil nuair a bheidh marcanna comhpháirte agus marcanna iomlána ar fáil ar an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí ar an Máirt an 26 Lúnasa. (De bhrí go bhfuil líon iomlán na marcanna don scrúdú difriúil d'ábhair éagsúla agus cuid acu á marcáil as 600, cuid eile as 400 agus mar sin de, beidh éagsúlacht ag baint le líon na marcanna a chuirtear leis sa choigeartú iarmharcála ar fud na n-ábhar chun é sin a léiriú.)

Foilseoidh CSS tuilleadh eolais faoi fheidhmiú an choigeartaithe iarmharcála ar thorthaí na hArdeistiméireachta in 2025 ar lá na dTorthaí.

# 3. An Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí

Seirbhís is ea an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí (CSSP) de chuid na hArdteistiméireachta a sholáthraíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) d'iarrthóirí a chuir isteach ar an Ardteistiméireacht in 2025. Ionad ilfhreastail is ea CSSP le haghaidh réimse de sheirbhísí ar líne d'iarrthóirí. Ba cheart go mbeadh cuntas cruthaithe agat ar an tairseach faoin am seo. Chun logáil isteach chun rochtain a fháil ar do chuid torthaí, teastóidh do Scrúduimhir uait agus an pasfhocal a chruthaigh tú nuair a chláraigh tú tríd an Tairseach.

# 4. Cabhair agus Tacaíocht

Beidh rochtain á fáil agat ar do thorthaí scrúduithe sealadacha ar an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí. Chomh maith le do thorthaí a fheiceáil ar líne, cuirfear ráiteas PDF de do thorthaí sealadacha scrúdaithe ar fáil duit ar féidir leat é a phriontáil agus/nó a shábháil. Cuirtear tuairisc achomair ar fáil do scoileanna maidir le torthaí na n-iarrthóirí uile sa scoil trí Thairseach na Scoileanna de chuid CSS. Ina theannta sin, féadfaidh do scoil rochtain a fháil ar ráiteas PDF thorthaí sealadacha scrúdaithe na n-iarrthóirí tríd an Tairseach.

Má tá tú ag freastal ar scoil phríobháideach/choláiste príobháideach, beidh rochtain ag údarás na scoile ar do chuid torthaí má thug tú cead ina leith sin.

Iarradh ar scoileanna tacaíocht agus cabhair a sholáthar d'iarrthóirí a bhfuil torthaí á bhfáil acu ar bhealach cuí ar an lá a n-eisítear na torthaí agus sna laethanta ina dhiaidh sin. Is féidir le hiarrthóirí cuairt ar an scoil a shocrú chun bualadh le baill na Foirne Tacaíochta do Scoláirí amhail Treoirchomhairleoirí,

Cinn Bhliana, Teagascóirí agus Séiplínigh. Téigh i dteagmháil le do scoil, le do thoil, le haghaidh sonraí a fháil faoi na socruithe atá aici.

## Beidh líne chabhrach CSS d'Iarrthóirí ar fáil ag

## 1800 111 135 nó 1800 111 136

## Ó 9 AM go dtí 5 PM ón Aoine an 22 Lúnasa go dtí an Luan an 1 Meán Fómhair.

Taobh amuigh de na huaireanta sin is féidir ceisteanna a sheoladh ar ríomhphost chuig candidateportal@examinations.ie. Tabhair do d'aire go bhfuil an líne chabhrach seo á soláthar do cheisteanna a bhaineann leis an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí agus na seirbhísí a sholáthraítear tríd an tairseach.

- D'fhéadfadh sé go rachadh CSS i dteagmháil leat le téacs, ar ríomhphost nó ar an bhfón agus na sonraí teagmhála ar chláraigh tú leo ar an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí á n-úsáid acu.
- Ní sheolfaidh CSS aon téacs riamh le naisc inchliceáilte.
- Eiseofar ríomhphoist ó CSS ó sheoltaí a chríochnaíonn ar @examinations.ie nó @bulk.examinations.ie.
- Eiseofar teachtaireachtaí téacs SMS ó CSS ó Scrúduithe Stáit.

Tá tacaíocht agus comhairle ar fáil mar seo a leanas:

a. Beidh líne chabhrach na dTuismitheoirí agus na Scoláirí don Ardteistiméireacht (1800 265 165) ar fáil saor in aisce ón 22 Lúnasa agus soláthrófar tacaíocht fíorthábhachtach do scoláirí na hArdteistiméireachta agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí ag an am fíorthábhachtach nuair a dhéantar torthaí scrúduithe agus tairiscintí an CAO a scaoileadh.

   Nua i mbliana: tá sé de rogha ag scoláirí agus ag a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí glaoch gutháin a chur ar an líne chabhrach nó téacs a sheoladh chuici. Cibé ceann de na roghanna a phioctar, beidh treoirchomhairleoir a bhfuil taithí aige/aici ar fáil chun tacaíocht bheo, dírithe ar an duine, a sholáthar.

   Tá an líne chabhrach á maoiniú ag an Roinn Oideachais agus Óige, á comhordú ag Institiúid na dTreoirchomhairleoirí, agus ag fáil tacaíochta ó Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí - Iar-bhunscoileanna agus Aontas Daltaí Iar-bhunscoile na hÉireann. Tá Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ag déanamh urraíochta ar an Líne Chabhrach.

| | |
|---|---|
| Dé hAoine, 22 Lúnasa | 10am – 5pm |
| Dé Sathairn, 23 Lúnasa | 10am – 5pm |
| Dé Domhnaigh, 24 Lúnasa | Dúnta |
| Dé Luain, 25 Lúnasa | 10am – 5pm |
| Dé Máirt, 26 Lúnasa | 10am – 5pm |
| Dé Céadaoin, 27 Lúnasa | 10am – 5pm |
| Déardaoin, 28 Lúnasa | 10am – 5pm |
| Dé hAoine, 29 Lúnasa | 10am – 5pm |
| Dé Sathairn, 30 Lúnasa | 10am – 2pm |

b. Tá acmhainní folláine a d'fhorbair an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais de chuid na Roinne Oideachais ar fáil ag gov - Wellbeing support for Leaving Certificate students, parents and school staff (www.gov.ie)

c. Tá eolas atá ar fáil ón Lár-Oifig Iontrála (CAO) ar fáil ag www.cao.ie

d. Cuirtear Eolas maidir le Tacaíocht Mheabhairshláinte ar fáil trí FSS agus trí sholáthraithe seirbhísí atá á maoiniú ag FSS https://www2.hse.ie/services/mental-health-supports-and-services/mental-health-supports-and-services.html

# 5. Torthaí – Ullmhú agus Eisiúint

***Cathain a eiseofar na torthaí?***
Is é **Dé hAoine, an 22 Lúnasa** Lá na dTorthaí i mbliana agus beidh na torthaí ar fáil d'iarrthóirí ar 10 AM ar an Tairseach d'Iarrthóirí agus do scoileanna ar Thairseach na Scoileanna.

***Conas is féidir liom rochtain a fháil ar mo chuid torthaí***
Beidh rochtain agat ar do chuid torthaí sealadacha san Ardteistiméireacht ar an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí ó **10 AM ar an Aoine an 22 Lúnasa.** Tá an nasc chuig an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí ar www.examinations.ie. Chun logáil isteach, teastóidh do Scrúduimhir uait agus an pasfhocal a chruthaigh tú nuair a chláraigh tú tríd an Tairseach. I gcás iarrthóirí nár chruthaigh a gcuntas i mí Dheireadh Fómhair 2024 nó i mí Feabhra 2025, léigh an Treoir chun do Chuntas a Chlárú le do thoil, atá ar fáil ar an tairseach chun do Chuntas don Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí a chruthú.

Cuirfidh CSS torthaí na hArdteistiméireachta ar fáil go díreach freisin don Lár-Oifig Iontrála (CAO). Cuirfidh sé sin ar chumas an CAO na hiarratais a phróiseáil le hiontráil a dhéanamh san ardoideachas gan mhoill agus tairiscintí an CAO a eisiúint chugat a luaithe agus is féidir.

***An raibh aon athruithe ar mharcáil na scrúduithe i mbliana ar chóir dom a bheith ar an eolas fúthu?***
Níl aon athruithe ar phróiseas marcála na scrúduithe le haghaidh 2025. Mar sin féin, tar éis don mharcáil uile i scrúduithe na hArdteistiméireachta a bheith curtha i gcrích, chuir CSS coigeartú iarmharcála i bhfeidhm chun cloí leis an ngealltanas a thug an tAire nach mbeadh na torthaí foriomlána go comhiomlán níos ísle ar an meán ná tuairim is leath bealaigh idir na leibhéil in 2020 agus in 2021.

***Cad é formáid na dtorthaí?***
Nuair a logálann tú isteach ar an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí (CSSP) **Dé hAoine, an 22 Lúnasa,** feicfidh tú do thorthaí sealadacha do gach ábhar. Beidh tú in ann ráiteas do thorthaí sealadacha a phriontáil nó an ráiteas sin a shábháil le priontáil níos déanaí.

Ba cheart duit a thabhairt do d'aire gur cion é, faoi théarmaí an Achta Oideachais, 1998, athrú a chur ar aon taifead ina bhfuil torthaí na hArdteistiméireachta nó úsáid a bhaint as aon taifead den sórt sin agus fios agat go bhfuil na torthaí bréagach..

Is torthaí sealadacha iad na torthaí de bhrí go bhfuil siad faoi réir achomhairc.

***Conas a dhéantar torthaí na scrúduithe scríofa a phróiseáil agus a sheiceáil?***
Nuair atá marcáil na scripteanna curtha i gcrích ag scrúdaitheoir, cuirtear an t-eolas ar fad ar ais go dtí CSS. Déantar iomlán do chuid marcanna do gach comhpháirt d'ábhar (béaltriail, cluastuiscint, triail phraiticiúil, páipéir scríofa etc.) a uaslódáil chuig ár gcóras ríomhaireachta. Cuirtear réimse de nósanna imeachta a bhaineann le seiceáil agus dearbhú cáilíochta i bhfeidhm ar phróisis na dtorthaí agus an ghrádaithe do thorthaí an scrúdaithe agus iad dírithe ar shláine na sonraí a choinneáil agus ar eolas iarrthóirí a aithint agus a thabhairt le chéile.

***Cén fáth a bhfuil réiltín in aghaidh toraidh in ábhar ar an Tairseach?***
***Cén fáth nach bhfuair mé toradh in ábhar a ndearna mé an scrúdú ann?***

D'fhéadfadh sé go mbeadh Réiltín (*) le feiceáil in aghaidh toraidh in ábhar ina bhfuil níos mó ná comhpháirt éigeantach amháin. Léiríonn an réiltín gur thaifead CSS neamhláithreacht le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na comhpháirteanna sin, rud a chiallaíonn nach bhfuil marc taifeadta do cheann amháin nó níos mó de na comhpháirteanna san ábhar sin.

De ghnáth, ní léiríonn an réiltín go bhfuil fadhb leis an toradh mar i bhformhór na gcásanna ina bhfuil réiltín ba chóir go mbeifeá ar an eolas cheana féin faoin gcúis atá leis, (e.g. nár chuir tú isteach an obair chúrsa nó nár tháinig tú i láthair do bhéaltriail, etc).

Mar sin féin, mura rabhthas ag súil leis an réiltín agus má chreideann tú go bhfuil an t-eolas a cuireadh i láthair ar an Tairseach d'Iarrthóirí mícheart (e.g. – gur chuir tú isteach an obair nó go ndearna tú na comhpháirteanna uile de na scrúduithe agus go bhfuil neamhláithreacht luaite) **ba chóir duit dul i dteagmháil leis an scoil láithreach.** Ar aon dul leis sin, ba chóir duit dul i dteagmháil leis an scoil sa chás annamh nach bhfaigheann tú toradh in ábhar a raibh tú ag súil le toradh a fháil ann.

Is í an scoil is fearr a bheidh in ann comhairle a chur ort.

**NB.** Ní phléifidh CSS ach amháin le húdaráis scoileanna maidir le nithe mar sin a réiteach. **Ná téigh i dteagmháil go díreach le CSS mar nach mbeidh ar ár gcumas na nithe sin, a d'fhéadfadh a bheith práinneach ó thaobh ama de, a réiteach go díreach leatsa.**

Cuirtear an réiltín san áireamh mar eolas ar na torthaí sealadacha ach ní bheidh sé le feiceáil ar na teastais deiridh.

***Cathain is féidir liom níos mó mioneolais faoi mo chuid torthaí a fheiceáil?***

Ar an **Máirt, an 26 Lúnasa**, cuirfear eolas breise ar fáil duit maidir le do chuid torthaí scrúdaithe. Beidh tú in ann breathnú ar do mharcanna comhpháirte, ar na sonraí faoi aon mharcanna **Coigeartaithe Iarmharcála** a cuireadh i bhfeidhm agus ar an marc grádaithe deiridh do gach ábhar. **I gCuid 2 thuas, soláthraítear roinnt eolais tosaigh faoin gcur chuige i dtaca leis an gCoigeartú Iarmharcála i mbliana. Soláthróidh CSS tuilleadh sonraí ar Lá na dTorthaí.**

D'fhéadfadh sé go bhfeicfeá eolas forlíontach a léiríonn go bhfuil gné éigin den toradh a bhí as an ngnáth agus CSS ag próiseáil na dtorthaí. Is mar seo a leanas atá na táscairí a chuirtear i láthair agus tugtar míniú ar an mbrí atá leo sin.

i. Deimhníodh go raibh an t-iarrthóir as láthair - Marcáladh an t-iarrthóir as láthair do chomhpháirt éigeantach amháin nó níos mó in ábhar ina raibh comhpháirteanna iomadúla.
ii. Úsáideadh marc an mheasúnóra don chomhpháirt seo – ní raibh an seisiún scrúdaithe críochnaithe agus sholáthair CSS toradh sa chomhpháirt seo bunaithe ar réimse eolais.
iii. Obair Chúrsa Phraiticiúil Neamhbhailí – measadh go raibh an obair chúrsa neamhbhailí mar nárbh fhéidir le húdarás na scoile í a bhailíochtú.
iv. Marc eachtarshuite - I gcásanna ina bhfuil díolúine ag iarrthóir in ábhar faoi scéim RACE beidh na marcanna san ábhar eachtarshuite ó na comhpháirteanna eile.

Tá sé sin sonraithe sa *Treoir Eolais d'Iarrthóirí 3* a bheidh ar fáil ar an Luan, an 25 Lúnasa.

***Sna Scrúduithe, cén cuspóir atá leis an bpróiseas maidir le hIniúchadh a dhéanamh ar Scripteanna agus le próisis na nAchomharc***

Tá na próisis um iniúchadh a dhéanamh ar scripteanna agus próisis achomhairc na scrúduithe ann ionas gur féidir leat a fheiceáil go díreach conas a marcáladh do chuid oibre agus ionas go mbeidh deis agat achomharc a dhéanamh má cheapann tú gur tharla earráid. Ceapadh an córas um dhearbhú cáilíochta atá ag CSS sa mharcáil agus na seiceálacha a dhéantar roimh eisiúint na dtorthaí chun earráidí a aimsiú agus a cheartú ach d'fhéadfadh botúin tarlú. Má chuirtear an líon mór de scripteanna scrúdaithe agus an t-ábhar scrúdaithe gaolmhar san áireamh agus an líon mór daoine a bhfuil baint acu le marcáil agus próiseáil na dtorthaí, tá an leibhéal earráide an-íseal.

***Tá socruithe réasúnta agam le haghaidh m'Ardteistiméireachta, an mbeidh nótaí mínithe ar mo chuid torthaí?***

Bíonn tarscaoileadh nó díolúine áirithe ón measúnú ar chroíghné den scrúdú i gceist le socruithe áirithe a chuirtear ar fáil faoi Scéim na Socruithe Réasúnta ag na scrúduithe teastais. Dá bharr sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh nóta mínithe (nóta) ina gcuirtear an cineál coigeartaithe in iúl, ar Ráitis na dTorthaí Sealadacha agus ar na teastais scrúdaithe deiridh.

Ní bheidh na nótaí mínithe sin le feiceáil ar thorthaí sealadacha na hArdteistiméireachta do 2025.
D'fhéadfaí nóta mínithe a bith atá le cur leis a chur san áireamh sna Teastais Deiridh. Ba cheart a thabhairt faoi deara nár chuir CSS nótaí mínithe ar theastais deiridh ó 2019 i leith nuair a bhí torthaí na hArdteistiméireachta bunaithe ar thorthaí na scrúduithe agus orthu sin amháin.

# 6. Rochtain ar Shonraí – Scrúduithe

***Cad a tharlóidh tar éis eisiúint na dtorthaí ar an 22 Lúnasa?***

Ó 12 meán lae ar an **Máirt an 26 Lúnasa** déanfar an t-eolas faoi na torthaí ar an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí a thabhairt cothrom le dáta chun an t-eolas seo a leanas a thaispeáint do gach ábhar:

- Marcanna na gcomhpháirteanna
- Marcanna iomlána
- Coigeartú Iarmharcála (PMA)
- Marcanna Deiridh
- Grád an Scrúdaithe

Chun cuidiú le do thorthaí scrúdaithe a thuiscint beidh ***Treoir Eolais d'Iarrthóirí 3 – Tuiscint a Fháil ar do Thorthaí Scrúdaithe*** ar fáil ar an Luan an 25 Lúnasa. Beidh cuid ar leith ann ina gcuirfear eolas ar fáil maidir leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach mar go bhfuil socruithe éagsúla ann ina leith sin mar gheall ar chineál modúlach an chláir sin.

I gcás an ATF feicfidh tú an marc atá tugtha le chéile do do scrúdú scríofa agus aon chomhpháirteanna breise, agus na creidiúintí a bhaineann le do chuid marcanna. Cuirfear an Coigeartú Iarmharcála (PMA) i bhfeidhm ar na creidiúintí foriomlána a baineadh amach, seachas ar ábhair aonair.

# 7. An Áis chun Iniúchadh a Dhéanamh ar Scripteanna Scrúdaithe

**An bhfuil an áis chun iniúchadh a dhéanamh ar scripteanna ar fáil i mbliana?**
Tá – agus is é atá i gceist againn le script ná scripteanna scrúdaithe scríofa agus ábhar eile a chuirtear isteach chun measúnú a dhéanamh air.

Déanann CSS an rochtain atá ag iarrthóirí na hArdteistiméireachta ar scripteanna scrúdaithe a éascú tríd an áis um Iniúchadh a dhéanamh ar Scripteanna a reáchtáiltear sna scoileanna gach bliain tar éis torthaí na hArdteistiméireachta a bheith eisithe. Cuireann an áis seo chun Iniúchadh a Dhéanamh ar Scripteanna ar do chumas iniúchadh a dhéanamh ar do scripteanna scrúdaithe chun an bealach ar cuireadh an scéim marcála i bhfeidhm ar do shaothar a fheiceáil. Cuireann sé sin ar do chumas cinneadh a bhfuil bonn eolais faoi a dhéanamh maidir le hachomharc a dhéanamh nó gan achomharc a dhéanamh in aghaidh do thoraidh/thorthaí roimh dháta deiridh na n-achomharc. Tá an próiseas um Iniúchadh a Dhéanamh ar Scripteanna mar chuid lárnach d'achomhairc agus de dhearbhú cáilíochta CSS i leith na scrúduithe. Molaimid go láidir duit an deis atá agat iniúchadh a dhéanamh ar do script a thapú sula ndéanann tú iarratas ar achomharc. Ina theannta sin, tugann an t-iniúchadh deis duit ráitis a dhéanamh le cur faoi bhráid an scrúdaitheora achomhairc.

Cé go bhfuil ceart dlíthiúil agat cóip de do scripteanna scrúdaithe a fháil faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí, tá dualgas ar CSS freisin torthaí scrúduithe na hArdteistiméireachta agus na n-achomharc a phróiseáil agus a eisiúint faoi na spriocdhátaí a bhfuiltear ag súil leo. Dá bhrí sin, tugtar tús áite don Iniúchadh ar Scripteanna. Is é seo an rochtain is luaithe a fhéadfaidh a bheith agat ar do scripteanna. Ní chuireann sé seo isteach ar do chearta reachtúla. Tá tuilleadh eolais faoi do chearta maidir le rochtain a fháil ar shonraí ar fáil níos faide anonn sa treoir seo.

**Conas a dhéanfaidh mé iniúchadh ar scripteanna i mbliana?**
Tá dhá phróiseas ar leith ann i mbliana chun iniúchadh a dhéanamh ar scripteanna ag brath ar an mbealach ar marcáladh an script. I ngach cás, ní mór duit iarratas a dhéanamh chun iniúchadh a dhéanamh ar scripteanna chun teacht ar an bpróiseas iniúchta cuí.

a) Iniúchadh ar líne tríd an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí – baineann sé sin le formhór na scripteanna.
b) Iniúchadh pearsanta i scoileanna

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfadh sé go mbeadh ort dul chuig an scoil chun roinnt de do scripteanna a iniúchadh agus an tairseach a úsáid chun rochtain a fháil ar roinnt eile. Tá tuilleadh sonraí faoi gach próiseas thíos.

***Conas a dhéanaim iarratas chun iniúchadh a dhéanamh ar scripteanna scrúdaithe?***
Glacfar le hiarratais chun iniúchadh a dhéanamh ar scripteanna scrúdú na hArdteistiméireachta tríd an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí idir;

**5 PM ar an Máirt an 26 Lúnasa**
agus
**8 PM ar an ar gCéadaoin an 27 Lúnasa.**

Ní mór iarratais don Ardteistiméireacht Fheidhmeach a dhéanamh ar ríomhphost. Cuirfear Foirm Iarratais um Iniúchadh ATF ar fáil ar an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí agus ba cheart í sin a sheoladh ar

ríomhphost chuig viewlcascript@examinations.ie. Tá an amlíne chéanna don iarratas i bhfeidhm agus ní mór gach iarratas a dhéanamh roimh **8 PM ar an gCéadaoin an 27 Lúnasa.**

**Tá tréimhse ama an-ghearr ann le hiarratas a dhéanamh chun iniúchadh a dhéanamh ar scripteanna. Cuirfear an spriocdháta le hiarratas a dhéanamh i bhfeidhm go docht agus ní féidir glacadh le hiarratais dhéanacha. Tá sé sin riachtanach lena chinntiú gur féidir na céimeanna eile den phróiseas achomhairc a chur i gcrích chomh tapa agus is féidir..**

Beidh scéimeanna marcála ar fáil ar www.examinations.ie ó **12 Meán Lae ar an Máirt an 26 Lúnasa.**
I gcás na iarrthóirí a rinne na scrúduithe iarchurtha, beidh an scéim marcála ar fáil don scoil in éineacht leis an script scrúdaithe ar iarratas chun iniúchadh a dhéanamh orthu amháin.

Cabhróidh an *Treoir Eolais d'Iarrthóirí 3 – Tuiscint a Fháil ar do Thorthaí Scrúdaithe* leat freisin má roghnaíonn tú iniúchadh a dhéanamh ar do scripteanna. Tá CSS tiomanta a chinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir agat ar an mbealach a mbronntar gráid agus an chúis ar bronnadh gráid ar leith. Sa Treoir, déanfar sonraí maidir leis an marcáil i scrúduithe 2025 a shoiléiriú, tabharfar breac-chuntas ar an mbealach a ndearnadh gráid a ghiniúint agus míneofar conas a thaispeántar marcanna agus gráid ar scripteanna scrúdaithe agus conas a thaispeánfar iad ar an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí (CSSP). Tá rannóg ar leith ann ina dtugtar eolas ar an Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Beidh an *Treoir Eolais d'Iarrthóirí 3 – Tuiscint a Fháil ar do Thorthaí Scrúdaithe* ar fáil ar an Luan an 25 Lúnasa.

***Conas a dhéanaim iniúchadh ar scripteanna a marcáladh ar líne?***
Agus marcáil ar líne leathnaithe chuig an gcuid is mó de na hábhair, déanfar an chuid is mó den iniúchadh ar scripteanna ar líne tríd an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí. Déantar an próiseas iniúchta ar líne a sholáthar tríd an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí agus bíonn rochtain a bhfuil teorainn ama léi ag iarrthóirí ar PDFanna de na scripteanna. Beidh iniúchadh ar líne sna hábhair sin ar fáil ó **9AM ar an Satharn an 30 Lúnasa go dtí 9AM ar an Domhnach an 31 Lúnasa**. Thar an tréimhse 24 uair an chloig sin, beidh tú in ann do scripteanna a íoslódáil agus/nó a phriontáil.

Féach an tábla ina bhfuil ábhair agus comhpháirteanna na hArdteistiméireachta a marcáladh ar líne in Aguisín 3.

***Cad a fheicfidh mé nuair a dhéanaim iniúchadh ar script a marcáladh ar líne?***
Feicfidh tú íomhá dhigiteach de do script ina mbeidh tuairisc maidir leis na marcanna a tugadh do gach ceist (nó do chuid, fo-chuid, etc. de cheist) de réir na scéime marcála. Sa script féin feicfidh tú aon nótaí (crosa, ticeanna, folínte, etc.) a d'úsáid an scrúdaitheoir agus é/í ag marcáil do chuid oibre. Míneofar na nótaí a úsáideadh sna scéimeanna marcála do na hábhair ar leith a fhoilseofar roimh an iniúchadh. Sa mharcáil ar líne déantar soláthar freisin do mhonatóireacht a dhéanamh ar obair an scrúdaitheora ar an gcaoi chéanna leis an marcáil bunaithe ar pháipéar. Cé nach bhfeicfidh tú ach sraith amháin deiridh de na marcanna, beidh a fhios agat go ndearnadh monatóireacht ar do script mar beidh dath glas ar na nótaí i gcomparáid le nótaí an scrúdaitheoirí a mbeidh dath dearg orthu. Ní dhéanfar na scéimeanna marcála a fhoilsiú ach amháin ar líne agus beidh siad ar fáil chun iniúchadh a dhéanamh orthu.

I roinnt bheag cásanna, d'fhéadfadh sé gur marcáladh de láimh scripteanna áirithe a bhí le marcáil ar líne. Cúis amháin a d'fhéadfadh a bheith leis sin ná nach raibh cuid den ábhar le feiceáil go hiomlán ag an scrúdaitheoir ar líne chun é a mharcáil. Cé go mbeidh an script mharcáilte ar fáil le hiniúchadh ar líne, ní fheicfidh iarrthóirí tuairisc na marcanna atá cosúil leis na scripteanna sin a marcáladh go hiomlán ar líne. Seachas sin, feicfidh na hiarrthóirí seo an mharcáil lámhscríofa agus na nótaí a cuireadh isteach de láimh. Agus úsáid á baint as an scéim marcála, beidh deis ag iarrthóirí fós féachaint ar an mbealach ar cuireadh an scéim marcála atá foilsithe i bhfeidhm ar an script.

**Cad iad na scripteanna a bheidh ar fáil le hiniúchadh a dhéanamh orthu i scoileanna?**
Cé go ndéantar an chuid is mó den iniúchadh ar scripteanna ar líne anois, is gá go fóill iniúchadh pearsanta ar scripteanna a chur ar fáil d'iarrthóirí i scoileanna do na hábhair sin, nó do chomhpháirteanna na n-ábhar sin, a marcáladh de láimh. Fiú i gcás na n-ábhar a mharcáiltear ar líne, tá roinnt eisceachtaí ann ina gcaitear scripteanna a chur ar ais chuig scoileanna chun iad a iniúchadh. Cuirfear an t-ábhar seo a leanas ar ais chuig scoileanna lena iniúchadh go pearsanta:

- Scripteanna scrúdaithe in ábhair a marcáladh de láimh*.
- Comhpháirteanna áirithe d'ábhair i gcás gur marcáladh comhpháirt amháin ar líne (e.g. punann GCAT).
- Scripteanna scrúdaithe sa seisiún Scrúdaithe Iarchurtha. Cuirfear na scripteanna scrúdaithe sin ar ais lena n-iniúchadh chuig an scoil a raibh tú ceaptha an scrúdú tosaigh a dhéanamh inti agus NÍ chuig an scoil ina ndearna tú an scrúdú iarchurtha níos déanaí. (Níor marcáladh na scrúduithe sin ar líne).
- Scripteanna in ábhair a marcáladh ar líne agus a bhí i bhformáid neamhthipiciúil amhail scripteanna i bhfoirm Braille, scripteanna Méadaithe nó Modhnaithe nó scripteanna i bhformáid fuaime.
- Scripteanna scrúdaithe san Ardteistiméireacht Fheidhmeach

*Féach an tábla d'ábhair agus de chomhpháirteanna a marcáladh de láimh ag **Aguisín 2.**

Ní mór duit iarratas a dhéanamh chun iniúchadh a dhéanamh ar do scripteanna i ngach cás.

***Conas a dhéanfaidh mé iniúchadh ar scripteanna i scoileanna?***

Déanfar an t-iniúchadh ar scripteanna sa scoil a reáchtáil ar an Satharn an 30 Lúnasa.

Nuair atá iarratas déanta agat ar an Tairseach chun iniúchadh a dhéanamh ar do scripteanna scrúdaithe, cuirfidh CSS sonraí faoi d'iarratas ar fáil don Fheitheoir Eagrúcháin a cheap CSS don scoil ag a ndearna tú iarratas ar dtús chun do scrúduithe scríofa a dhéanamh. An ról atá aige/aici sin ná an tIniúchadh ar Scripteanna Scrúdaithe a eagrú sa scoil i dtaca leis na hábhair a marcáladh de láimh (nó mar atá leagtha amach thuas). Rachaidh sé/sí i dteagmháil leat roimh an tréimhse don iniúchadh ar ríomhphost agus sannfaidh sé/sí ceann amháin den dá sheisiún iniúchta duit mar atá leagtha amach thíos. Tá d'uimhir theileafóin tugtha dó/di freisin agus d'fhéadfaí í sin a úsáid chun teagmháil a dhéanamh leat.

Seisiúin Iniúchta – Dé Sathairn an 30 Lúnasa

| | |
|---|---|
| Seisiún 1: | 9.30 AM – 12.30 PM |
| Seisiún 2: | 2 PM – 5 PM |

Déan nóta, le do thoil, de na dátaí agus na hamanna sin atá leagtha amach thuas, mar nach bhféadfar iniúchadh ar scripteanna a eagrú ar dháta ná ag am ar bith eile. Mura bhfaigheann tú ríomhphost a dheimhníonn coinne iniúchta sula dtosaíonn na seisiúin iniúchta, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh ar an bhfón leis an bhFeitheoir Eagrúcháin sa scoil ina ndearna tú do scrúduithe scríofa nó i gcás na Scrúduithe Iarchurtha sa scoil ina raibh sé beartaithe agat na príomhscrúduithe a dhéanamh i mí an Mheithimh.

***An mbeidh mé in ann cóip a dhéanamh de mo scripteanna ag an Iniúchadh sa scoil?***
Ag an seisiún chun Iniúchadh a dhéanamh ar Scripteanna a shanntar duit, beidh tú in ann cóip a dhéanamh de do script(eanna), ag baint úsáid as d'fhón póca, táibléad nó ceamara digiteach féin chun íomhánna de do script(eanna) a thaifeadadh. Tá an áis seo á cur ar fáil ar mhaithe leis an reachtaíocht um Chosaint Sonraí agus ní chuireann sé sin isteach ar do chearta dlíthiúla.

***An gcuirfidh an scoil seirbhísí cóipeála ar fáil dom?***
Ní chuirfidh - ní bheidh cead ach amháin ag iarrthóirí a úsáideann a ngléasanna digiteacha féin (fón póca, táibléad, ceamara) cóip a dhéanamh dá scripteanna féin. Tabharfar treoir do scoileanna gan cead a thabhairt aon fhótachóipeanna ná scanadh de scripteanna a dhéanamh ag an scoil ná ag baint úsáid as áiseanna na scoile. Tá dhá chúis leis sin: ar an gcéad dul síos, ar chúiseanna eagrúcháin ós rud é gur tréimhse ama an-ghearr atá i gceist leis an bpróiseas chun iniúchadh a dhéanamh ar scripteanna, agus ar an dara dul síos, ó thaobh imní go gcaillfí scripteanna nó go ndéanfaí damáiste dóibh le linn phróiseas na cóipeála/an scanta. Sin an chúis nach mbeidh ach tusa amháin in ann do chóipeanna féin a dhéanamh ag baint úsáid as do ghléas digiteach féin san ionad iniúchta.

***An bhfuil aon rialacha i bhfeidhm maidir le hIniúchadh a Dhéanamh ar Scripteanna Scrúdaithe sa Scoil?***
Tá – ina measc sin tá siad seo a leanas:
- Má dhéanann tú cinneadh iniúchadh a dhéanamh ar do scripteanna, ní mór duit a bheith ar fáil ar na dátaí don iniúchadh agus ní mór duit a bheith ullamh chun a bheith i láthair tú féin ag an ionad iniúchta. D'fhéadfadh sé gur mhaith leat aird ar leith a dhíriú ar an riachtanas seo agus socruithe le haghaidh laethanta saoire á ndéanamh agat.
- Is chugatsa amháin a scaoilfear do scripteanna. Ní scaoilfear do scripteanna chuig duine ar bith eile, fiú amháin le do chead.
- Féadfaidh duine amháin eile a bheith in éineacht leat nuair atá script á hiniúchadh agat.
- Ní bheidh ach ábhar a cuireadh isteach i scríbhinn; scripteanna scríofa, dialanna d'obair chúrsa, etc. ar fáil duit chun iniúchadh a dhéanamh orthu ag Iniúchadh na Scripteanna.
- Ní cheadaítear aon uirlisí scríbhneoireachta san ionad iniúchta.
- Tá cead agat fón póca, táibléad nó ceamara digiteach a thabhairt isteach chun do script(eanna) féin a chóipeáil.
- Níl cead agat cóipeanna a dhéanamh de scripteanna duine ar bith eile, fiú amháin le cead an duine sin.
- Níl cead agat an gléas digiteach a úsáid chun aon chríche seachas chun an script a chóipeáil.
- Ní ceadmhach duit an gléas digiteach a úsáid chun nótaí a chlóscríobh faoina bhfuil sa script agus tú san ionad iniúchta.
- Lena chinntiú go ndéantar na seisiúin chun Iniúchadh a Dhéanamh ar Scripteanna a reáchtáil go héifeachtach agus go tráthúil, níl cead agat nótaí a ghlacadh maidir le hábhar do scripte ag baint úsáid as do ghléas digiteach agus tú san ionad iniúchta.

Mar bheart slándála, déantar macasamhail de shampla de scripteanna sula ndéantar na bunscripteanna a sheoladh chun iniúchadh a dhéanamh orthu. Coimeádann CSS na cóipeanna agus déanfar iad a sheiceáil i gcoinne na scripteanna a chuirfear ar ais tar éis an iniúchta. Tá an cleachtas sin riachtanach chun sláine na scrúduithe a chosaint.

Sárú ar rialacháin na scrúduithe is ea baint leis na scripteanna nó iarracht a dhéanamh baint leo san ionad iniúchta.

***Cad is féidir liom a dhéanamh má cheapaim, tar éis iniúchadh a dhéanamh ar mo script, go raibh earráid sa mharcáil nó sa ghrád a tugadh dom?***

Braitheann sé. Tá dhá rogha ann, mar atá:

**a)** go ndéanfaí athbhreithniú ar mharcáil do scripte tríd an bpróiseas achomharc – féach cuid 7 den Treoir seo - *Achomhairc*
**b)** ceartú a lorg lasmuigh de phróiseas na n-achomharc – féach cuid 8 den Treoir seo - *Ceartú a Lorg Lasmuigh de Phróiseas na nAchomharc*.

# 8. Achomhairc

***Conas a dhéanaim iarratas chun achomharc a dhéanamh in aghaidh mo chuid torthaí sealadacha san Ardteistiméireacht?***

Glacfar le hiarratais chun achomharc a dhéanamh in aghaidh thorthaí na hArdteistiméireachta tríd an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí:

Ó: **10 AM ar an Domhnach an 31 Lúnasa 2025**
Go dtí: **5 PM ar an Luan an 01 Meán Fómhair 2025**

Ionas go bhféadfaidh CSS na hachomhairc a phróiseáil chomh tapa agus is féidir, cloífear go docht leis an spriocdháta um iarratas ar achomharc. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha i gcás ar bith.

Molaimid gan é seo a fhágáil go dtí an nóiméad deiridh. Is tú féin a bheidh freagrach as aon deacrachtaí teicniúla a bheidh agat.

Má dhéanann tú cinneadh achomharc a dhéanamh, is léir go bhfuil d'achomharc tábhachtach duit. Is agat féin amháin atá smacht agus freagracht maidir le hachomharc bailí a dhéanamh laistigh den tréimhse ama atá leagtha síos.

**An bhfuil an Coigeartú Iarmharcála faoi réir achomhairc?**

Níl – tá an Coigeartú Iarmharcála (PMA) eisiata ó raon feidhme an achomhairc. Níl an PMA faoi réir achomhairc.

**Cathain a bheidh an toradh ar eolas agam má dhéanaimh achomharc?**

Tá sé beartaithe torthaí na nAchomharc a eisiúint ar an Aoine an 26 Meán Fómhair tríd an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí. Is dáta sealadach é sin nó go mbeidh líon na n-achomharc ar eolas. Déanfar gach iarracht achomhairc a phróiseáil chomh tapa agus is féidir. Tabharfar fógra d'iarrthóirí más gá dáta na n-achomharc a leasú.

Cuireann CSS na hathruithe go léir ar thorthaí in iúl go huathfheidhmeach don CAO i ndiaidh phróiseas na n-achomharc.

***Cad é an táille achomhairc?***

Tá táillí Achomhairc Scrúdaithe i bhfeidhm do 2025 ag ráta de €40 in aghaidh an ábhair don Ardteistiméireacht agus €15.50 in aghaidh an ábhair don Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Déantar an táille a aisíoc sa chás go n-éiríonn le hachomharc.

Cuimseoidh iarratas bailí an t-iarratas chun achomharc a dhéanamh agus an táille achomhairc a íoc

Ag deireadh idirbheart an achomhairc ar CSSP, gheobhaidh tú deimhniú gur chuir tú isteach achomharc bailí lena n-áirítear deimhniú ríomhphoist agus admháil íocaíochta. Mura bhfaigheann tú é sin níl achomharc bailí curtha isteach agat agus beidh ort teagmháil a dhéanamh linn.

***An gá go mbeadh iniúchadh déanta agam ar mo scripteanna chun achomharc a dhéanamh?***

Ní gá. Ach, molann CSS go láidir gur chóir d'aon iarrthóir atá ag smaoineamh ar achomharc a dhéanamh iniúchadh a dhéanamh ar a script(eanna) le bheith in ann cinneadh a bhfuil bonn eolais faoi a dhéanamh. Má dhéanann tú iniúchadh ar do script, beidh deis agat féachaint conas a cuireadh an scéim marcála atá foilsithe i bhfeidhm ar do shaothar.

***An mbeidh mé in ann saincheisteanna ar leith a ardú le go ndéanfaidh an scrúdaitheoir achomhairc iad a chur san áireamh le linn na marcála achomhairc?***
Beidh, i gcás go roghnaíonn tú iniúchadh a dhéanamh ar do script agus sa chás sin amháin. Ní thabharfar an deis saincheisteanna ar leith a ardú leis na scrúdaitheoirí achomhairc ach amháin do na hiarrthóirí sin a dhéanann iniúchadh ar a script, sa scoil nó ar líne. Nuair atá achomharc á dhéanamh, ní gá aon saincheisteanna ar leith a ardú – is fút féin go hiomlán atá sé.

***Conas a ardaím saincheisteanna ar leith i dtaca le scripteanna a ndearnadh iniúchadh orthu ar CSSP?***
Má chinneann achomharc a dhéanamh i gcás ceann ar bith de na hábhair a marcáladh ar líne, beidh deis agat mar chuid den iarratas achomhairc ar líne an *Fhoirm Thuairiscithe um Breathnóireacht an Iarrthóra* (AP1) a chomhlánú. Tabharfar deis duit foirm ar leith a chomhlánú do gach ábhar atá faoi réir an achomhairc seachas an Mhatamaitic*. Déanfaidh CSS na ráitis a thaifeadann tú ar an *bhFoirm Thuairiscithe um Breathnóireacht an Iarrthóra* ar líne a nascadh le do script achomhairc.

*I gcás na Matamaitice ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal, beidh deis agat foirm ar leith a chomhlánú do **gach páipéar** (i.e. do Pháipéar 1 agus do Pháipéar 2). Ní mór go mbainfeadh na ráitis a chuireann tú isteach leis an bpáipéar atá i gceist mar beidh gach páipéar á mharcáil ag scrúdaitheoir éagsúil.

***Conas a ardaím saincheisteanna ar leith i dtaca le scripteanna a ndearnadh iniúchadh orthu sa scoil?***
Ag an seisiún iniúchta i scoileanna, tabharfar *Foirm Thuairiscithe um Breathnóireacht an Iarrthóra* (Foirm AP1) duit chun ábhar ar bith ar mhaith leat aird scrúdaitheoirí CSS a tharraingt orthu, a thaifeadadh. Ba cheart foirm amháin a chomhlánú do gach ábhar scrúdaithe a bhfuiltear ag déanamh achomhairc ina leith. Ní cheadaítear an fhoirm a chomhlánú laistigh den ionad iniúchta. (Féach sonraí maidir leis na rialacha Iniúchta thuas). Ní mór an *Fhoirm Thuairiscithe (na Foirmeacha Tuairiscithe) um Breathnóireacht an Iarrthóra* a thabhairt don Fheitheoir Eagrúcháin ionas go bhféadfaidh sé/sí an fhoirm a nascadh leis an script cuí. Ní mór do na Feitheoirí Eagrúcháin an fhoirm chomhlánaithe a chur ar ais chuig CSS. Ní ghlacfaidh CSS le *Foirmeacha Tuairiscithe um Breathnóireacht an Iarrthóra* díreach ó iarrthóirí.

TABHAIR DO d'AIRE: **Má dhéanann tú *Foirm Thuairiscithe um Breathnóireacht an Iarrthóra* a chomhlánú ag an iniúchadh, léiríonn sé sin go bhfuil sé beartaithe agat achomharc a dhéanamh ach ní léiríonn sé go bhfuil achomharc á chur isteach agat – ní mór duit fós féin achomharc a chur isteach ar an Tairseach d'Iarrthóirí.** Mura leanann tú ar aghaidh agus iarratas ar achomharc a dhéanamh agus íoc as tríd an Tairseach d'Iarrthóirí, ansin ní dhéanfar an t-achomharc a phróiseáil agus ní chuirfear na ráitis a rinneadh san áireamh.

***Cad a tharlaíonn le linn Phróiseas na nAchomharc?***
Cuirtear do script ar aghaidh chuig scrúdaitheoir achomhairc. Ní hé/hí an scrúdaitheoir sin an scrúdaitheoir céanna a mharcáil do shaothar i dtosach. Déanfaidh an scrúdaitheoir achomhairc athbhreithniú ar an marcáil ar gach cuid de gach ceist, fiú mura bhfuil aon bharúlacha tugtha agat ina leith. Breithneoidh an scrúdaitheoir achomhairc an raibh an marc a bhronn an scrúdaitheoir tosaigh ceart agus réasúnta, agus ag teacht leis an scéim marcála. Má bhí, bronnfaidh an scrúdaitheoir achomhairc an marc céanna arís. Mura raibh, bronnfaidh an scrúdaitheoir achomhairc an marc a mheasann sé/sí a bheith ceart.

Déanann foireann comhairleoirí achomhairc monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí achomhairc agus déanann an Príomhscrúdaitheoir maoirseacht ar phróiseas iomlán na n-achomharc.
Déanfar scripteanna a marcáladh ar líne ar dtús a mharcáil san achomharc ag baint úsáid as an gcóras marcála ar líne.

Tugann scrúdaitheoirí achomhairc cuairt ar scoileanna freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhpháirteanna a marcáladh i scoileanna.
***An ndéantar gach rud a athmharcáil le linn phróiseas na n-achomharc?***
Seachas an triail feidhmíochta phraiticiúil sa Cheol, tugtar athchuairt ar an obair phraiticiúil agus ar na béaltrialacha uile mar chuid de phróiseas an achomhairc.

***An mbaintear feidhm as an scéim marcála céanna le linn na n-achomharc?***
Baintear. Tá sé ríthábhachtach, ar mhaithe le comhionannas agus cothroime go ndéantar an athmharcáil san achomharc de réir na scéime marcála don ábhar sin. Cinntíonn sé sin go gcuireann na scrúdaitheoirí achomhairc na caighdeáin chéanna i bhfeidhm in athmharcáil na n-achomharc agus a cuireadh i bhfeidhm ar shaothar na n-iarrthóirí uile an chéad uair a marcáladh an scrúdú.

Déanfar na scéimeanna marcála a fhoilsiú ar **www.examinations.ie** ag **12 Meán Lae ar an Máirt an 26 Lúnasa.** I gcás iarrthóirí a rinne na scrúduithe iarchurtha, beidh an scéim marcála ar fáil sa scoil in éineacht lena script scrúdaithe le linn an phróisis iniúchta.

***Mura bhfuil mé ach cúpla marc faoi bhun an chéad ghráid eile an dócha go mbronnfar orm iad má dhéanaim achomharc?***
Ní gá go mbronnfaí. Is ann do phróiseas na n-achomharc lena chinntiú gur cuireadh an scéim marcála i bhfeidhm go leanúnach agus go cruinn ar do shaothar. Ní bhíonn scrúdaitheoirí achomhairc ag cuardach marcanna breise chun "iarrthóir a thabhairt suas go dtí an chéad ghrád eile". Le bheith cóir leis na hiarrthóirí eile ar fad a rinne an scrúdú, ní féidir leis na scrúdaitheoirí ach na marcanna sin atá dlite duit de réir na scéime marcála a bhronnadh. Go deimhin, d'fhéadfadh scrúdaitheoir achomhairc marcanna a chur leis na marcanna a fuair tú cheana nó marcanna a bhaint díobh de réir mar a chuirtear an scéim marcála i bhfeidhm as an nua, ceist ar cheist, ar do shaothar.

**An féidir liom achomharc a dhéanamh in aghaidh an Choigeartaithe Iarmharcála?**
Níl an Coigeartú Iarmharcála faoi réir achomhairc. Cé nach féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh na foirmle a úsáideadh chun an coigeartú iarmharcála a ríomh, beidh iarrthóirí in ann féachaint ar cuireadh an Coigeartú Iarmharcála i bhfeidhm i gceart agus an ndearnadh a marc a choigeartú go cuí. Má dhéantar iarrthóir a uasghrádú go dtí marc níos airde trí phróiseas na n-achomharc, ansin d'fhéadfadh luach an choigeartaithe iarmharcála athrú freisin mar thoradh air sin.

***An bhféadfar toradh a íosghrádú mar thoradh ar achomharc?***
Féadfar, is torthaí sealadacha iad na torthaí a fhoilsítear i mí Lúnasa agus dá réir sin féadfar toradh a íosghrádú i gcásanna áirithe. Tarlaíonn sé sin mar gheall go bhfuil próiseas na n-achomharc ann lena chinntiú gur cuireadh an scéim marcála i bhfeidhm go hiomlán agus go cóir ar an saothar a táirgeadh sa scrúdú. Cinntíonn feidhmiú seasta cothrom na scéimeanna marcála go gcaitear go cothrom leis na hiarrthóirí go léir.

***Cad iad na cásanna ina bhféadfaí íosghrádú a dhéanamh?***
D'fhéadfaí íosghrádú a dhéanamh go huathfheidhmeach má chailleann iarrthóir dóthain marcanna ar aon cheann de na cúiseanna fíorasacha/teicniúla seo a leanas:

**a)** go bhfuil earráid shoiléir ann i dtaca le suimiú na marcanna nó marcanna a bheith san áireamh nár cheart a bheith san áireamh, (e.g. má tugadh creidiúint d'iarrthóir as ceist nó as cuid de cheist ar chóir di a bheith dícheadaithe), agus/nó,

**b)** má bronnadh marcanna ar iarrthóir i leith freagra ar léir go cinnte agus go soiléir nach bhfuil sé de réir na scéime marcála.

Ina theannta sin, is féidir le Príomhscrúdaitheoir íosghrádú a mholadh sa chás go dtarlaíonn an laghdú sna marcanna mar thoradh ar earráid bhreithiúnais a rinne scrúdaitheoir (nach ionann í agus a bhfuil luaite ag (a) agus (b) thuas). Ní gnách go dtarlóidh íosghrádú i gcás den sórt sin nuair nach mbeadh ann ach difríocht an-bheag. I bhfocail eile, ní áirítear marc athbhreithnithe níos ísle ach amháin má mheasann an Príomhscrúdaitheoir nach raibh an bunmharc ag teacht leis na critéir atá leagtha síos sa scéim marcála agus leis an gcaighdeán a cuireadh i bhfeidhm sa mharcáil a rinneadh ar dtús.

***An dócha go ndéanfar mórán torthaí a íosghrádú?***
Táthar ag súil nach ndéanfar ach líon réasúnta beag a íosghrádú. Sin mar gheall go mbeidh deis ag iarrthóirí iniúchadh a dhéanamh ar a gcuid scripteanna agus táthar ag súil nach ndéanfaidh daoine achomharc mura gcreideann siad go bhfuil forais réasúnta ann don achomharc. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, athbhreithniú a dhéanamh go cúramach ar do script mharcáilte sula ndéanann tú cinneadh ar cé acu an ndéanfaidh tú achomharc nó nach ndéanfaidh.

# 9. Ceartú a Lorg Lasmuigh de Phróiseas Achomharc na Scrúduithe (ROAP)

***Lasmuigh de phróiseas foirmiúil na n-achomharc, cad is féidir liom a dhéanamh, tar éis dom iniúchadh a dhéanamh ar mo script, má fheictear dom go bhfuil neamhréir shoiléir idir na marcanna a bhronn an scrúdaitheoir agus an grád a bronnadh?***

Má tá ábhar imní agat, tar éis duit iniúchadh a dhéanamh ar do script scrúdaithe, ar líne nó i do scoil, go bhfuil neamhréir shoiléir idir an marc a bhronn an scrúdaitheoir ort agus an grád a bronnadh agus an PMA á chur san áireamh, ba chóir duit ar an gcéad dul síos féachaint ar an *Treoir d'Iarrthóiri 3 – Tuiscint a Fháil ar do Thorthaí Scrúdaithe*.

I roinnt cásanna, ní bheidh an marc iomlán seo ar an gclúdach/mbileog thosaigh ag teacht leis an marc a fheicfidh tú ar an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí mar gurb é an marc seo an marc a bhí ann sula ndearna córas ríomhaireachta CSS na comhpháirteanna a athualú, agus taispeánann an Tairseach d'Iarrthóirí an marc tar éis dó a bheith athualaithe.

Níl an coigeartú iarmharcála san áireamh nó ar taispeáint ar Thuairisc Marcanna na nIarrthóirí nó ar an mBileog Achomair; níl sé le feiceáil ach amháin ar an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí. Dá bhrí sin, ba chóir go mbeadh an neamhréir sin curtha san áireamh agat sula lorgaíonn tú an Próiseas um Cheartú Lasmuigh de Phróiseas na nAchomharc (ROAP).

Má cheapann tú fós go bhfuil neamhréir shoiléir idir an marc a bhronn an scrúdaitheoir ort agus an grád a bronnadh, agus an PMA á chur san áireamh, d'fhéadfadh sé go mbeifeá in ann, i gcásanna teoranta áirithe, rochtain a fháil ar an bpróiseas um Cheartú Lasmuigh de Phróiseas na nAchomharc.

Feidhmíonn CSS an áis seo maidir le ceartú a lorg lasmuigh de phróiseas na n-achomharc chun na saincheisteanna seo a leanas a chur ina gceart;

**a)** I scripteanna a marcáladh de láimh, má rinneadh earráid nuair a bhí an marc iomlán ón gclúdach tosaigh den fhreagarleabhar á thras-scríobh go dtí an bhileog mharcála
nó
**b)** I scripteanna a marcáladh de láimh, má rinneadh earráid nuair a bhí an marc á aistriú ón mbileog mharcála go dtí bunachar sonraí na scrúduithe

**c)** I scripteanna a marcáladh ar líne, má meaitseáladh ábhar a bhaineann le hiarrthóir amháin go mícheart le scrúduimhir iarrthóra eile.

Más rud é agus tú ag iniúchadh scripteanna, go gceapann tú go mbaineann ceann amháin de na cúinsí seo le do chás, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh chuig CSS chun ceartú lasmuigh de phróiseas na n-achomharc a bhreithniú.

***Má thuairiscím ceann amháin de na saincheisteanna seo, an ndéanfar mo thoradh a uasghrádú go huathfheidhmeach?***

Ní gá go ndéanfaí. I dtús báire, ní mór do CSS a mheas an gcomhlíonann an tsaincheist a thuairiscigh tú na critéir iarbhír chun ceartú lasmuigh de phróiseas na n-achomharc a lorg. Ba chóir duit a thabhairt faoi deara nach mbaineann an áis seo ach amháin leis na cúinsí a bhfuil cur síos déanta orthu thuas **agus** i gcás inar féidir an cheist a réiteach ó thaobh cúrsaí riaracháin de (i.e. gan dul i muinín an scrúdpháipéir ná na scéime marcála). Is tástáil an-bheacht í an tástáil maidir lenar féidir díriú air láithreach bonn tar éis iniúchadh a dhéanamh ar scripteanna agus cuirfear i bhfeidhm go mionchúiseach í. Ba chóir duit a thabhairt faoi deara má tá aon fhadhb maidir leis an méid seo a leanas a léirmhíniú;

- marcanna a aistriú ón taobh istigh den script go dtí an clúdach tosaigh
- ríomh marcanna
- cur i bhfeidhm na scéime marcála
- éilimh nach bhfuil an obair marcáilte go hiomlán
- Ceisteanna dícheadaithe

ansin beidh sainbhreithiúnas scrúdaitheora ag teastáil trí phróiseas foirmiúil na n-achomharc agus ní féidir é a réiteach tríd an áis riaracháin seo.

***Má chreidim go raibh earráid ann, ar aon dul leo siúd a ndéantar cur síos orthu in a, b, nó c thuas, conas a dhéanaim iarratas ar Cheartú Lasmuigh de Phróiseas na nAchomharc?***

***Ag iniúchadh scripteanna a marcáladh de láimh sa scoil***

Ba chóir duit Foirm um Cheartú Lasmuigh de Phróiseas na nAchomharc (Foirm ROAP1) a lorg ón bhFeitheoir Eagrúcháin agus í a chomhlánú i gcomhréir leis na treoracha. Ceanglóidh an Feitheoir Eagrúcháin an Fhoirm ROAP1 le do script agus cuirfidh sé/sí an script agus an fhoirm ar aghaidh chuig CSS áit a ndíreofar uirthi láithreach bonn.

***Ag iniúchadh scripteanna ar líne trí CSSP.***

Má tá tú ag iniúchadh do scripteanna ar líne, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le líne chabhrach CSS. Pléifidh na baill foirne ar an líne chabhrach an tsaincheist leat agus cuirfidh siad foirm ROAP1 chugat ar ríomhphost má cheaptar gur cuí sin.

***An gá dom achomharc a dhéanamh freisin?***

Is gá, Ba cheart duit achomharc a dhéanamh. De bhrí go bhfuil na hamlínte a bhaineann le próiseas na n-achomharc an-docht, má roghnaíonn tú an áis seo, ní dócha go mbeidh an toradh ar eolas agat roimh an dáta deiridh le hachomharc a chur isteach. Molann CSS go láidir go gcuirfeadh na hiarrthóirí uile atá ag déanamh iarratais ar *Cheartú* achomharc isteach freisin, ionas nach mbeadh an deis caillte agat rochtain a fháil ar phróiseas na n-achomharc toisc go bhfuil an dáta deiridh thart, mura seastar leis an bpointe a ardaíodh nó má tá léirmhíniú ó scrúdaitheoir de dhíth. Má sheastar leis an bpointe a ardaíodh ar an *gCeartú*, beidh an deis agat an t-achomharc a tharraingt siar agus an táille achomhairc a fháil ar ais. Ní cheadóidh CSS achomhairc dhéanacha ar chúis ar bith, lena n-áirítear nuair a rinneadh iarratas ar *Cheartú* a dhiúltú.

***Má cheadaítear m'iarratas ar Cheartú Lasmuigh de Phróiseas na nAchomharc, agus má mheastar go raibh earráid ann ar féidir tabhairt fúithi ó thaobh riaracháin de, cé chomh tapa agus a dhéanfar mo thoradh a athrú?***

Dírítear láithreach ar na hiarratais sin agus déanann CSS gach iarracht na hiarratais um Cheartú Lasmuigh de Phróiseas na nAchomharc a réiteach gan mhoill, ar iarratais iad a meastar na critéir a bheith comhlíonta acu. Cuirfimid aon ardú ar do ghrád in iúl duit a luaithe agus is féidir.

Cuirfimid an t-athrú sin in iúl don CAO go huathfheidhmeach.  Mar sin féin, ba chóir duit a thabhairt faoi deara, ar mhaithe le bheith cothrom le gach iarrthóir, go gcuirtear coigeartuithe ar thorthaí tar éis Lá Thorthaí na hArdteistiméireachta in iúl don CAO uair sa tseachtain.  Cuirfear na hathruithe ar na gráid a eascraíonn as an bpróiseas ceartaithe in iúl don CAO i gcomhréir leis an sceideal seachtainiúil comhaontaithe sin.

# 10. Céimeanna Breise i bPróisis na nAchomharc

***Má bhím míshásta le toradh phróiseas na n-achomharc, an féidir liom aon rud eile a dhéanamh faoi?***
Má rinne tú achomharc in aghaidh toradh scrúdaithe, tar éis eisiúint thorthaí na n-achomharc, is féidir leat rochtain a fháil ar dhá sheirbhís torthaí iar-achomhairc eile.  Is féidir leat ceann amháin, dhá cheann, nó gan ceann ar bith de na próisis a roghnú mar seo a leanas;

**a)** Iniúchadh a dhéanamh ar na Scripteanna Scrúdaithe Athmharcáilte.

**b)** Rochtain a fháil ar na Scrúdanóirí Neamhspleácha Achomhairc – Achomhairc Scrúdaithe

Ba chóir a lua go nglacfaidh na céimeanna breise seo de phróiseas an achomhairc roinnt ama lena gcur i gcrích.  Níl smacht ag CSS ar ábhair a bhaineann le hiontráil san ardoideachas, breisoideachas; printíseachtaí, daltais, fostaíocht nó aon chonair eile chun dul chun cinn a dhéanamh.  Cé go ndéanann CSS gach iarracht torthaí achomhairc na hArdteistiméireachta a sholáthar chun iad a chomhtháthú sa bhabhta deiridh de phróiseas tairiscintí an CAO, níor chóir go mbeifí ag súil leis go mbainfear leas as torthaí na gcéimeanna deiridh de phróiseas na n-achomharc in aon deiseanna maidir dul chun cinn.

Cuirfear tuilleadh sonraí ar fáil maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar scripteanna a ndearnadh achomharc ina leith agus próiseas na Scrúdanóirí Neamhspleácha Achomhairc tríd an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí nuair a eiseofar Torthaí na nAchomharc.

a) Iniúchadh a dhéanamh ar na Scripteanna Scrúdaithe Athmharcáilte

***An féidir liom iniúchadh a dhéanamh ar mo script iar-achomhairc nuair a fhaighim toradh m'achomhairc?***
Is féidir.  Nuair a fhaigheann tú rochtain ar thorthaí d'achomhairc ar an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí, cuirfear nasc ar fáil duit chuig Seirbhísí na dTorthaí Iar-Achomhairc.  Má bhíonn tú míshásta le toradh d'achomhairc, beidh deis agat iniúchadh a dhéanamh ar do scripteanna athmharcáilte.

b) Rochtain a fháil ar na Scrúdanóirí Neamhspleácha Achomhairc – Achomhairc Scrúdaithe

***Cén fheidhm atá ag na Scrúdanóirí Neamhspleácha Achomhairc?***
Is í an fheidhm atá ag na Scrúdanóirí Neamhspleácha Achomharc (IAS) ná a chinntiú gur cuireadh na próisis achomhairc go léir a bhfuil cur síos déanta ag CSS orthu, i bhfeidhm i gceart.

Tá na Scrúdanóirí Neamhspleácha Achomharc sin neamhspleách ar CSS. Beidh sé de chumhacht ag Scrúdanóir na doiciméid go léir a bhaineann le d'achomharc a iarraidh lena chinntiú gur cuireadh na nósanna imeachta i gcrích i gceart. **Ní féidir leo scripteanna a athmharcáil ná trácht a dhéanamh ar dháileadh iarbhír na marcanna.** Mar chuid den athbhreithniú sin, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an Príomhscrúdaitheoir comhairle ar fáil do na Scrúdanóirí lena dheimhniú go bhfuil siad sásta gur comhlíonadh na nósanna imeachta go léir i gceart.  Nuair a bheidh a n-athbhreithniú críochnaithe acu, gheobhaidh tú deimhniú foirmiúil ó Scrúdanóir Neamhspleách Achomhairc gur comhlíonadh próisis uile an achomhairc i gceart.

***An gá go mbeadh iniúchadh déanta agam ar mo scripteanna iar-achomhairc chun achomharc a dhéanamh chuig Scrúdanóirí Neamhspleácha Achomhairc?***
Ní gá. Má thagann tú go dtí an dara hiniúchadh cuirfear foirm iarratais ar fáil duit le cur ar aghaidh chuig na Scrúdanóirí Neamhspleácha Achomhairc nach mór a chomhlánú ar an lá. Beidh deis agat saincheisteanna ar leith a ardú maidir le marcáil do scrúdaithe san achomharc bunaithe ar do bharúlacha sa seisiún iniúchta.

## 11. An tOmbudsman agus an tOmbudsman do Leanaí

Má cheapann tú nach ndearnadh do chás a phróiseáil i gceart, i bpróiseas na n-achomharc **agus** san athbhreithniú a rinne na Scrúdanóirí, is féidir leat gearán a dhéanamh leis an Ombudsman, nó má tá tú faoi bhun 18 mbliana d'aois, leis an Ombudsman do Leanaí.

## 12. Úinéireacht agus Coinneáil Scripteanna na Scrúduithe agus an tSaothair Eile a chuirtear isteach chun iad a Mharcáil

***An féidir liom an saothar bunaidh a chuir mé isteach le haghaidh na scrúduithe a fháil ar ais?***
Sa reachtaíocht um chosaint sonraí, tugtar cearta d'iarrthóirí cóipeanna de shonraí pearsanta atá á gcoinneáil ag CSS a fháil. Ba chóir a lua gur faoi úinéireacht CSS atá na scripteanna scrúduithe uile agus na hábhair eile atá á gcoinneáil ag CSS agus nach dtugtar ar ais do na hiarrthóirí iad.

I Riail 28 de na Rialacha agus Cláir do Mheánscoileanna, arna eisiúint ag an Roinn Oideachais foráiltear: *"Is maoin de chuid an Choimisiúin iad na hábhair uile (freagarleabhair, páipéar líníochta, léarscáileanna, léaráidí, pictiúir, scrúdpháipéir, téipeanna srl.) a eisíonn an Coimisiún chun críche freagraí na n-iarrthóirí ar na ceisteanna a chuirtear sna scrúduithe a thaifeadadh agus fanann siad mar sin. Déantar maoin de chuid an Choimisiúin d'ábhair nach n-eisíonn an Coimisiún ach a chuirtear go dtí an Coimisiún le haghaidh marcála".* Marcálann CSS os cionn 1 mhilliún comhpháirt san Ardteistiméireacht gach bliain agus ní bheadh sé indéanta an t-ábhar sin a chur ar ais chuig na hiarrthóirí.

Marcáiltear saothar tionscadail san Innealtóireacht agus sa Staidéar Foirgníochta agus an saothar praiticiúil uile san Ealaín i scoileanna agus tugtar treoir do na scoileanna an saothar sin a choinneáil go sábháilte go dtí go n-eisítear torthaí na nAchomharc. An chúis nach mór é a choinneáil go dtí i ndiaidh fhoilsiú thorthaí na nAchomharc ná go dtagann fadhbanna chun cinn uaireanta nuair a dhéantar an mharcáil sna hachomhairc agus mar thoradh air sin gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar an obair uile a mharcáil scrúdaitheoir ar leith.

Dá bhrí sin, ní mór go mbeadh rochtain ag CSS ar an ábhar seo ag an bpointe sin, agus muinín a bheith aige nár cuireadh isteach air idir an dá linn. Uaireanta, mar thoradh ar na hathbhreithnithe um dhearbhú cáilíochta, bíonn uasghrádú ann d'iarrthóirí nach ndearna achomharc ar a gcuid torthaí ar chor ar bith. Nuair a eisítear torthaí na n-achomharc, is féidir an saothar sin a chur ar ais chuig na hiarrthóirí ach é a iarraidh.

***Cé chomh fada agus a choinníonn CSS mo scripteanna scrúdaithe agus ábhar eile?***
Tá polasaithe CSS maidir le sonraí a choinneáil bunaithe ar na hoibleagáidí atá orainn faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí, lena leagtar dualgas orainn sonraí a choinneáil chomh fada agus is gá chun na scrúduithe a reáchtáil. Is é seo a leanas polasaí CSS maidir le scripteanna scrúdaithe, scripteanna digiteacha san áireamh, agus ábhar scrúduithe gaolmhar a choinneáil:

- Cuirfear aon ábhar nach bhfuil faoi réir achomhairc de láimh go rúnda ag deireadh mhí na Nollag i ndiaidh an scrúdaithe. Dá réir sin, ach amháin má dhéanann tú achomharc, cuirfear do scripteanna scrúdaithe agus ábhair eile de láimh faoi dheireadh mhí na Nollag 2025.

Má dhéanann tú achomharc in aghaidh do thoraidh scrúdaithe, coinneoimid d'ábhar scrúdaithe go dtí go mbeidh an próiseas achomhairc curtha i gcrích. Go hiondúil, ciallaíonn sé sin go ndéanfar an t-ábhar scrúdaithe de do chuid a ndearna tú achomharc ina leith a chur de láimh sa timthriall diúscartha rúnda don bhliain dár gcionn, is é sin, faoi dheireadh mhí na Nollag 2026. D'fhéadfadh sé seo a bheith níos faide má bhíonn an t-achomharc faoi réir próisis atá ag leanúint ar aghaidh.

# 13. Cosaint Sonraí - Scrúduithe

Déanann Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) an rochtain atá ag iarrthóirí na hArdteistiméireachta ar scripteanna scrúdaithe a éascú tríd an áis um *Iniúchadh a Dhéanamh ar Scripteanna* a reáchtáiltear sna scoileanna gach bliain tar éis torthaí na hArdteistiméireachta a bheith eisithe. Leis an áis sin, atá ar fáil d'iarrthóirí na hArdteistiméireachta le fiche bliain anuas, is féidir le hiarrthóirí iniúchadh a dhéanamh ar a gcuid scripteanna agus féachaint conas a cuireadh an scéim marcála i bhfeidhm ar a gcuid oibre. Cuireann sé sin ar a gcumas cinneadh a bhfuil bonn eolais faoi a dhéanamh maidir le hachomharc a dhéanamh nó gan achomharc a dhéanamh in aghaidh a dtoraidh/dtorthaí roimh dháta deiridh na n-achomharc. Ligeann an tseirbhís um Iniúchadh a Dhéanamh ar Scripteanna, d'iarrthóirí féachaint ar a script agus más mian leo, cóipeanna a dhéanamh dá scripteanna le linn na seisiún iniúchta ag baint úsáid as a ngléas digiteach féin. Faoin Reachtaíocht maidir le Cosaint Sonraí, meastar gurb iad a sonraí pearsanta féin na freagraí a chuireann iarrthóirí isteach i scrúduithe agus aon ráitis a dhéanann scrúdaitheoirí i leith na bhfreagraí sin. Faoin reachtaíocht maidir le Cosaint Sonraí, tá an ceart dlíthiúil agatsa, mar dhuine is ábhar do na sonraí, cóip de na sonraí pearsanta atá ag CSS fút a fháil agus baineann an ceart rochtana sin le scripteanna scrúdaithe freisin.

Cé go bhfuil ceart dlíthiúil agat cóip de do scripteanna scrúdaithe a fháil, tá dualgas ar CSS freisin torthaí scrúduithe na hArdteistiméireachta agus na n-achomharc a phróiseáil agus a eisiúint faoi na spriocdhátaí a bhfuiltear ag súil leo agus mar sin tugtar tosaíocht don Iniúchadh ar Scripteanna. Ní chuireann sé seo isteach ar do chearta reachtúla.

***Cathain is féidir liom cóipeanna de mo scripteanna a fháil?***
Is é an rochtain is luaithe is féidir a bheith agat ar do scripteanna ná ag na seisiúin um Iniúchadh a Dhéanamh ar Scripteanna ar an Satharn an 30 Lúnasa. Mura bhfreastalaíonn tú ar sheisiún Iniúchta nó mura bhfaigheann tú rochtain ar do script ar líne, agus má dhéanann tú cinneadh ina ionad sin iarratas ar rochtain a dhéanamh ar shonraí chuig CSS, ní bhfaighidh tú cóipeanna de do scripteanna go dtí i ndiaidh an dáta deiridh le hachomhairc a dhéanamh. Cloífear go docht leis an dáta deiridh do na hachomhairc agus mar sin, faoin am a bhfaighidh tú an chóip de do script(eanna) beidh an deis caillte agat chun achomharc a dhéanamh in aghaidh do thoraidh.

***An féidir liom iarratas a dhéanamh chun rochtain a dhéanamh ar mo script faoin Acht um Chosaint Sonraí?***
Is féidir – ach tá srianta i bhfeidhm maidir le cathain is féidir leat iarratas ar rochtain a dhéanamh agus cé chomh fada agus a ghlacfaidh sé chun d'iarratas a phróiseáil.

Faoin Acht um Chosaint Sonraí, tá sé de cheangal ar CSS, mar Rialaitheoir Sonraí, freagairt d'iarraidh maidir le rochtain ar shonraí pearsanta laistigh de 30 lá tar éis an iarraidh a fháil. Mar sin féin, ceadaítear do rialaitheoirí sonraí síneadh a chur leis an tréimhse ama sin go dtí 90 lá nuair atá sé ródheacair freagairt laistigh den tréimhse ama 30 lá mar gheall ar líon agus ar chastacht na n-iarrataí a fuarthas. Próiseálann CSS milliún script scrúdaithe scríofa agus milliún comhpháirt eile a bhaineann leis na scrúduithe (obair phraiticiúil agus thionscadail; béaltrialacha; cuir i láthair etc.,) gach bliain. Faoi réir na srianta a leagtar amach thíos, ba cheart go mbeidís siúd a dhéanann iarrataí ar scripteanna faoin Acht um Chosaint Sonraí, ag súil go dtógfaidh sé suas le 90 lá ó dháta na hiarrata sula bhfaighidh siad a gcuid scripteanna.

Chomh maith leis na teorainneacha ama ginearálta sin, tá srianta ama ar leith sa Reachtaíocht maidir le cosaint sonraí a bhaineann le rochtain a fháil ar thorthaí scrúdaithe agus ar scripteanna. Leis na srianta seo, déantar iarracht cothromaíocht a aimsiú idir ligean d'iarrthóirí a gcearta a fheidhmiú maidir lena sonraí pearsanta agus a chinntiú gur féidir le soláthraithe scrúdaithe, ar nós CSS, leanúint ar aghaidh agus an phríomhfheidhm atá acu maidir le reáchtáil na scrúduithe agus torthaí na scrúduithe agus na n-achomharc a sholáthar a chur i gcrích faoi na spriocdhátaí a bhfuiltear ag súil leo. Tá srian an-sonrach freisin ag baint le rochtain a fháil ar script scrúdaithe Ardteistiméireachta atá faoi réir achomhairc.

Faoin reachtaíocht, is é an dáta ar a n-eisítear na torthaí an dáta is túisce ar féidir le CSS iarraidh ar rochtain ar shonraí i dtaca le torthaí nó scripteanna scrúdaithe a bhreithniú. Mar sin, má dhéanann tú iarraidh den chineál sin roimh dháta eisithe thorthaí na hArdteistiméireachta, ní thosóidh an tréimhse fanachta do fhreagra ar d'iarraidh go dtí an 22 Lúnasa, dáta eisithe na dtorthaí sealadacha. Ar an dóigh chéanna, tá srian ama ag baint le hiarraidh ar shonraí i dtaca le toradh achomhairc. Má dhéanann tú achomharc in aghaidh toraidh agus ansin má dhéanann tú iarraidh ar rochtain ar shonraí le haghaidh thoradh an achomhairc, ní thosóidh an tréimhse fanachta maidir le d'iarraidh go dtí dáta foilsithe thorthaí an achomhairc. Ina theannta sin, Má dhéanann tú achomharc in aghaidh thoradh scrúdú na hArdteistiméireachta, agus má tá iarraidh ar rochtain ar shonraí le haghaidh na scripte a bhaineann leis an toradh sin déanta agat cheana féin, ní thosóidh an tréimhse fanachta maidir le d'iarraidh go dtí dáta foilsithe thorthaí an achomhairc. Moltar go láidir duit an ceart atá agat iniúchadh a dhéanamh ar do chuid scripteanna a fheidhmiú ag an seisiún iniúchta nó ar líne. Cé go bhfuil tú i dteideal, dar ndóigh, iarraidh um rochtain sonraí a dhéanamh chun cóip de do scripteanna a fháil, is í an tseirbhís um Iniúchadh a Dhéanamh ar Scripteanna an t-aon deis atá agat rochtain a fháil ar do scripteanna roimh dháta deiridh an achomhairc. Ina theannta sin, má bhreathnaíonn tú ar do script, ní chuireann sé sin cosc ort iarraidh um rochtain sonraí a dhéanamh freisin.

***An féidir liom cóipeanna d'ábhar scrúdaithe seachas scripteanna scrúdaithe scríofa a fháil faoin Acht um Chosaint Sonraí?***

Baineann do cheart le cóip de do shonraí pearsanta agus ní leis an mbunobair. Más féidir comhpháirteanna eile a chóipeáil ansin beidh tú in ann do chearta cosanta sonraí a fheidhmiú chun cóip a chur ar fáil duit. Tá an t-ábhar scrúdaithe uile ar féidir leis a bheith mar ábhar iarrata ar rochtain sonraí faoi réir na srianta ama céanna agus atá leagtha amach thuas. Is féidir cuid den obair thionscadail agus den obair phraiticiúil atá á coinneáil agus á marcáil sna scoileanna ag CSS a chur ar ais chuig iarrthóirí tar éis eisiúint thorthaí an achomhairc. (Féach Ábhar a Choinneáil thíos).

***An gá dom iarraidh ar rochtain sonraí a dhéanamh chun rochtain a fháil ar mo mharcanna béaltrialach(a) agus praiticiúla?***

Ní gá – Déanfaimid an comhad torthaí a nuashonrú ar an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí ó 10am ar an Máirt an 26 Lúnasa chun ní hamháin an grád a chur ar fáil ach an marc deiridh a bronnadh ar gach comhpháirt ar leith laistigh d'ábhar. San áireamh ansin tá na marcanna do na béaltrialacha, na scrúduithe praiticiúla, obair chúrsa agus páipéir scríofa san ábhar céanna (páipéar 1, páipéar 2).

***An féidir liom taifeadadh de mo Bhéaltriail a fháil faoi chosaint sonraí?***

Má dhéanann tú iarraidh ar rochtain sonraí chun cóip de do bhéaltriail a fháil, ba chóir duit a thabhairt faoi deara nach féidir linn ach amháin do ghuth ar na taifeadtaí a chur ar fáil duit. Ní chloisfidh tú guth an Scrúdaitheora agus ní chuirfimid na ceisteanna a cuireadh ort sa triail ar fáil duit. Murab ionann is do chuid freagraí, ní hiad do chuid sonraí pearsanta na ceisteanna seo agus ní dhéantar na ceisteanna a chuirtear sa béaltriail a sholáthar go poiblí, neamhchosúil leo siúd atá le feiceáil ar scrúdpháipéir. Is tasc casta é a leithéid de thaifeadadh le do ghuth amháin air a atáirgeadh agus glacfaidh sé an 90 lá iomlán lena chur amach chugat. Dá bhrí sin, ní féidir rochtain ar an taifeadadh a chur ar fáil d'iarrthóirí mar chuid den iniúchadh ar scripteanna ná mar chuid de phróiseas na n-achomharc.

***Na cearta atá agam i leith ráitis an scrúdaitheora – conas is féidir liom rochtain a fháil ar na ráitis sin?***

Níl cead ag scrúdaitheoirí CSS ráitis i scríbhinn a dhéanamh ar scripteanna. Níl cead acu ach an scéim marcála a chur i bhfeidhm ar an script. In ábhair áirithe, e.g. Béarla, baineann na scrúdaitheoirí úsáid as nótaí mínithe chun a chur in iúl cá háit ar chaill iarrthóir marcanna nó ar ghnóthaigh sé/sí marcanna i gcomhréir leis an scéim marcála. Nuair a dhéanann tú iniúchadh ar do script scrúdaithe, nó nuair a fhaigheann tú cóip di trí iarraidh ar rochtain sonraí a dhéanamh, feicfidh tú do chuid freagraí scrúdaithe agus na marcanna a bhronn an scrúdaitheoir chomh maith le nótaí mínithe ar bith a bhaineann leo ar an script.

***Conas is féidir liom iarraidh a dhéanamh ar chóip de mo script agus/nó mo bhéaltriail faoin Acht um Chosaint Sonraí?***

Más mian leat iarraidh a dhéanamh ar chóip de do script agus/nó de do bhéaltriail, nó ar aon sonraí pearsanta eile atá á gcoinneáil fút ag CSS, is féidir leat iarraidh i scríbhinn a dhéanamh chuig:

**Iarraidh maidir le Rochtain Cosanta Sonraí,**
**Coimisiún na Scrúduithe Stáit,**
**Cor na Madadh,**
**Baile Átha Luain,**
**Contae na hIarmhí**
**N37TP65**

Ba chóir go mbeadh dóthain eolais curtha ar fáil dúinn i d'iarraidh chun go mbeimid in ann tú a aithint mar iarrthóir scrúdaithe; chun a fháil amach cén chóip atá á lorg agat; agus chun teagmháil a dhéanamh leat go díreach sa chás go gcaithfimid d'aitheantas a dhearbhú nó d'iarraidh a shoiléiriú.

Agus a leithéid d'iarraidh á déanamh agat, cuirtear i gcuimhne duit go bhfuil srianta ann maidir le do cheart rochtana agus **nach bhfaighidh tú cóip de do script nó d'ábhair scrúdaithe eile roimh dháta**

**deiridh na n-achomharc.** Is é an t-aon bhealach le rochtain a fháil ar do scripteanna scríofa, obair chúrsa agus freagraí scríofa eile, roimh dháta deiridh na n-achomharc, ná freastal ar sheisiún iniúchta.

Foilseofar sonraí faoi aon athruithe ar na socruithe le hiarratas ar rochtain sonraí a dhéanamh ar ár suíomh gréasáin.

# Aguisín 1: Gráid na hArdteistiméireachta

Soláthraítear míniú ar chóras grádaithe na hArdteistiméireachta
sa tábla seo a leanas.

| | | |
|---|---|---|
| **Leibhéal** | **Céatadán** | **Grád** |
| Ardleibhéal Gnáthleibhéal, Bonnleibhéal,<br>Ard, Gnáth, Bonn, | ≥ 90 go 100 | 1 |
| | ≥ 80 agus < 90 | 2 |
| | ≥ 70 agus < 80 | 3 |
| | ≥ 60 agus < 70 | 4 |
| | ≥ 50 agus < 60 | 5 |
| | ≥ 40 agus < 50 | 6 |
| | ≥ 30 agus < 40 | 7 |
| | ≥ 0 agus < 30 | 8 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Nascmhodúil | GD | DISTINCTION / GRADAM | ≥80% go 100% |
| | FM | MERIT / FIÚNTAS | ≥65% agus < 80% |
| | PP | PASS / PAS | ≥50% agus < 65% |
| | U | UNSUCCESSFUL / GAN RATH | 0 > 50% |

Gráid na hArdteistiméireachta Feidhmí:

| | |
|---|---|
| DISTINCTION / GRADAM | ≥85% go 100% |
| MERIT / FIÚNTAS | ≥70% agus < 84% |
| PASS / PAS | ≥60% agus < 69% |
| RECORD OF CREDITS / TAIFEAD CREIDIÚINTÍ | 0 > 59% |

Taispeánfaidh na Ráitis agus na Teastais an leibhéal a tógadh agus an nodaireacht seo a leanas á húsáid le hais gach ábhair

Higher/Ard level, H/A

Ordinary/Gnáth level, O/G

Foundation/Bonnleibhéal F/B

Common/Comónta C/C

Tabhair do d'aire go n-úsáidtear céatadáin chun tuiscint ar na Gráid a éascú. I marcáil na scrúduithe agus sna próisis mar thoradh air sin, díorthaítear na gráid ó na marcanna seachas na céatadáin. Bronnfar na gráid go léir de réir na dtáblaí grádaithe atá foilsithe agus a bhaineann le sonrach leis an ábhar agus ní féidir lamháltais ar bith a chur i bhfeidhm. Mar shampla, cé gur fiú 89.83% marc 539 as 600 nuair a léirítear mar chéatadán é, tá an grád bunaithe ar na marcanna agus is ionann é sin agus Grád 2. Dá bhrí sin, ní thagann slánú suas go dtí an chéad ghrádbhanda eile i gceist.

# Aguisín 2: Ábhair na hArdteistiméireachta a Marcáladh de Láimh

| Ábhar | Leibhéil | Comhpháirt |
|---|---|---|
| Laidin | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Sean-Ghréigis | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Léann Eabhrach | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Iodáilis | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Páipéar scríofa agus Cluastuiscint |
| Portaingéilis | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Páipéar scríofa agus Cluastuiscint |
| Fisic & Ceimic | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Staidéar Foirgníochta | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Seapáinis | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Páipéar scríofa agus Cluastuiscint |
| Araibis | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Ríomheolaíocht | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Rúisis | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Páipéar scríofa agus Cluastuiscint |
| GCAT (Nascmhodúil) | Comhleibhéal | Punann |
| Polainnis | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Páipéar scríofa agus Cluastuiscint |
| Liotuáinis | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Páipéar scríofa agus Cluastuiscint |
| Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Páipéar scríofa agus Cluastuiscint |
| Mandairínis | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Páipéar scríofa agus Cluastuiscint |

# Aguisín 3: Ábhair na hArdteistiméireachta a Marcáladh ar Líne

Bronnfar na gráid go léir de réir an chórais grádaithe atá foilsithe agus ní féidir lamháltas ar bith a chur i bhfeidhm. Tabhair do d'aire go n-úsáidtear céatadáin chun tuiscint ar an gcóras Grádaithe a éascú. I marcáil na scrúduithe agus sna próisis mar thoradh air sin, díorthaítear na gráid ó na marcanna seachas na céatadáin. Mar shampla, cé gur fiú 89.83% marc 539 as 600 nuair a léirítear mar chéatadán é, tá an grád bunaithe ar na marcanna agus is ionann é sin agus Grád 2. Dá bhrí sin, ní thagann slánú suas go dtí an chéad ghrádbhanda eile i gceist.

| **Ábhar** | **Leibhéil** | **Comhpháirt** |
|---|---|---|
| Gaeilge | Ardleibhéal, Gnáthleibhéal, Bonnleibhéal | Scríofa (páipéar 1 agus páipéar 2) |
| Béarla | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Scríofa (páipéar 1 agus páipéar 2) |
| Matamaitic | Ardleibhéal, Gnáthleibhéal, Bonnleibhéal | Scrúdú scríofa: |
| Stair | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Scrúdú Scríofa agus Obair Chúrsa |
| Tíreolaíocht | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Scrúdú Scríofa agus Obair Chúrsa |
| Fraincis | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Scrúdú Scríofa agus Cluastuiscint |
| Léann Clasaiceach | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Scrúdú Scríofa agus Obair Chúrsa |
| Gearmáinis | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Scrúdú Scríofa agus Cluastuiscint |
| Spáinnis | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Scrúdú Scríofa agus Cluastuiscint |
| Ealaín | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Scrúdú scríofa: |
| Matamaitic Fheidhmeach | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Scrúdú Scríofa agus Obair Chúrsa |
| Fisic | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Scrúdú scríofa: |
| Ceimic | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Scrúdú scríofa: |
| Eolaíocht Talmhaíochta | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Scrúdú Scríofa agus Obair Chúrsa |
| Bitheolaíocht | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Scrúdú scríofa: |
| Innealtóireacht | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Scrúdú scríofa: |
| Cuntasaíocht | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Scrúdú scríofa: |

| | | |
|---|---|---|
| Gnó | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Scrúdú scríofa: |
| Eacnamaíocht | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Scrúdú Scríofa agus Obair Chúrsa |
| Teicneolaíocht | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Scrúdú scríofa: |
| Ceol | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Páipéir don Chumadóireacht agus Éisteacht (Croíchúrsa) amháin |
| Eacnamaíocht Bhaile | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Scrúdú Scríofa agus Obair Chúrsa |
| Oideachas Reiligiúnach | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Scrúdú Scríofa agus Obair Chúrsa |
| Corpoideachas | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Páipéar scríofa amháin |
| GCAT (Nascmhodúil) | Comhleibhéal | Páipéar scríofa amháin |
| Seicis | Ardleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Laitvis | Ardleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Ungáiris | Ardleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Eastóinis | Ardleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Rómáinis | Ardleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Slóvaicis | Ardleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Máltais | Ardleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Slóivéinis | Ardleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Cróitis | Ardleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Bulgáiris | Ardleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Danmhairgis | Ardleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Sualainnis | Ardleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Nua-Ghréigis | Ardleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Fionlainnis | Ardleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Dúitsis | Ardleibhéal | Páipéar Scríofa |
| Úcráinis | Ardleibhéal | Páipéar Scríofa |
| An Pholaitíocht agus an tSochaí | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal | Scrúdú Scríofa agus Obair Chúrsa |